Ollamh Cúnta sa Ghaeilge

(Buan, Lánaimseartha)

CUR SÍOS GINEARÁLTA AR AN BPOST
Dualgais agus Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta

1. RÉAMHRÁ

Is coláiste Caitliceach neamhspleách Oideachais agus Saorealaíon ar leibhéal ollscoile é Coláiste Mhuire gan Smál. Bunaíodh an coláiste in 1898 agus tá ceangal acadúil idir é agus Ollscoil Luimnigh. Tá sé ar an institiúid ardoideachais is sine i Luimneach. Leis an obair forbartha atá déanta le blianta beaga anuas tá fás suntasach tagtha ar roghchlár na gclár oideachais sa Choláiste thar dhá champas, ceann atá lonnaithe i gcroílár Chathair Luimnigh agus ceann eile i nDurlas, Co. Tiobraid Árann. Tá níos mó ná 5,000 foghlaimeoir inár bpobal mac léinn, iad ag tabhairt faoi cúig chlár fhochéime déag, mar aon le réimse leathan de chláir iarchéime suas go leibhéal na dochtúireachta. Bíonn réimse leathan taighde ar siúl ag an bhfoireann acadúil, agus is é an taighde sin atá mar bhonn agus mar thaca ag an teagasc agus ag an bhfoghlaim ar fad ag CMgS.

Féachann CMgS lena mhic léinn a ullmhú don sármhaitheas gairmiúil agus lena n-acmhainneacht a chothú chun saol rathúil a chaitheamh.

PRÓIFÍL AN IARRTHÓRA AGUS RAON FEIDHME AN PHOIST

Tá Coláiste Mhuire gan Smál ag iarraidh Ollamh Cúnta sa Ghaeilge a cheapadh ar bhonn buan, lánaimseartha, le tosú i **Seimeastar an Fhómhair 2026.**

Faoi stiúir Cheann Roinne na Gaeilge agus an Déin na nDána, comhlánóidh an t-iarrthóir rathúil roinn ghníomhach taighde le taifead acadúil seanbhunaithe, cuirfidh sé le teagasc agus maoirsiú na Gaeilge d'fhochéimithe agus do mhic léinn iarchéime thar na dámha agus cuirfidh sé le saol acadúil an choláiste.

Ceanglófar an té a cheapfar chun páirt a ghlacadh i múineadh agus i seachadadh na modúl sannta i gcláir fochéime agus iarchéime an Choláiste, m.sh. an BA sna Saorealaíona, an MA sa Ghaeilge (Ceannaireacht i dTeanga, Cultúr agus Pobal) agus modúil roghnacha sna hEalaíona do mhic léinn BEd. Ar a bharr sin, beifear ag súil go ndéanfaidh an t-iarrthóir maoirseacht ar thráchtas taighde fochéime. Chomh maith leis sin, beidh ar an duine a cheapfar páirt a ghlacadh i bhforbairt clár, agus leagfar dualgais riaracháin air.

Tá tiomantas do theagasc agus d'fhoghlaim ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ildisciplíneach atá dírithe ar an mac léinn riachtanach. Ní mór don té a cheapfar fianaise a léiriú go bhfuil sé tiomanta do thimpeallacht ildisciplíneach ina n-oibríonn sé le comhghleacaithe eile i nDámh na nEalaíon. Ní mór fianaise a thaispeáint ar thiomantas do shármhaitheas sa teagasc, sa taighde agus sa ghníomhaíocht scolártha leanúnach. Beidh sárscileanna ag an té a cheapfar sa Ghaeilge idir scríofa agus labhartha agus tiomantas d'úsáid agus d'fhorbairt na teanga ar fud an Choláiste.

Cáilíochtaí & Scileanna Riachtanacha (.i. iad siúd nach mbeadh iarrthóir in ann an post a dhéanamh dá n-uireasa). Ní dhéanfar iarratais nach léiríonn go soiléir go bhfuil na bunriachtanais ag iarrthóirí a chur ar ghearrliosta.

1. Cáilíocht iarchéime ábhartha ag leibhéal dochtúireachta nó fianaise ar dhul chun cinn i dtreo PhD a bhaint amach i réimse ábhartha. Ní mór d'iarrthóirí nach bhfuil cáilíocht iarchéime ábhartha acu ag leibhéal dochtúireachta cáilíocht ábhartha a bheith acu ag leibhéal máistreachta;
2. Íosmhéid de cheithre bliana taithí ábhartha, agus **dhá** bhliain sin ar a laghad i mbun teagaisc ag an tríú leibhéal;
3. Fianaise ar an gcumas taighde a dhéanamh, a chur i gcrích agus a fhoilsiú;
4. Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide;
5. Sárchumas sa Ghaeilge scríofa agus labhartha;
6. Fianaise ar thiomantas láidir do theagasc agus d'fhoghlaim ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ildisciplíneach mac léinn-lárnach;
7. Fianaise ar thiomantas láidir do bheith ag obair i dtimpeallacht ildisciplíneach le comhghleacaithe eile sa Roinn agus sa Dámh.
8. Fianaise ar thiomantas láidir do bharr feabhais sa teagasc, sa taighde agus i ngníomhaíochtaí leanúnacha léannta.
9. Saineolas ar **Theanga agus Litríocht na Nua-Ghaeilge.**

Is inmhianaithe freisin, ach gan a bheith riachtanach, go mbeidh an méid seo a leanas ag iarrthóirí:

10. Saineolas i réimse Litríochta na Gaeilge san Ochtú hAois Déag agus i dTraidisiún Lámhscríbhinní na Gaeilge

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go soiléir ina n-iarratas conas a chomhlíonann siad gach ceann de na réamhriachtanais sin.

3. CUR SÍOS AR AN BPOST

Caidreamh Tuairiscithe

Ceanglaítear ar an té a cheapfar na dualgais a ghabhann leis an bpost a chomhlíonadh, faoi threoir ghinearálta Cheann na Roinne, a dtuairiscíonn sé/sí dó/di, agus a bhfuil sé/sí freagrach as na dualgais sin a chomhlíonadh ar an gcéad dul síos. Tuairisceoidh an té a cheapfar tríd an gCeann Roinne chuig Déan na nEalaíon agus chuig Uachtarán an Choláiste agus/nó chuig Oifigigh eile an Choláiste a ainmneoidh an tUachtarán ó am go ham.

Rachaidh sé/sí i dteagmháil le Cinn na Roinne agus leo siúd atá i bpoist cheannaireachta/bhainistíochta laistigh de Dhámh na nEalaíon agus le pearsanra eile de chuid an Choláiste agus comhlachtaí ábhartha de chuid an Choláiste le linn dóibh na dualgais a ghabhann leis an bpost a chomhlíonadh. I gcás go mbeidh cuid de na dualgais agus freagrachtaí céanna ag sealbhóirí poist eile laistigh den Choláiste, breithneoidh Uachtarán an Choláiste an méid sin.

Féadfar an caidreamh tuairiscithe a leasú, ag teacht le riachtanais seirbhíse agus forbairtí sa Choláiste.

Dualgais agus Freagrachtaí

1. Teagasc agus measúnú ag an leibhéal fochéime. Dearadh clár agus modúl, teagasc, ceardlanna, measúnú mac léinn, maoirseacht ar thionscadail taighde;
2. Cuairt a thabhairt ar mhic léinn ar socrúchán lasmuigh den champas agus ar chúrsaí Gaeltachta;
3. Straitéisí agus acmhainní teagaisc agus foghlama a fhorbairt;
4. Siollabais, curaclaim agus cláir a dhearadh;
5. Dul i mbun Taighde
6. Dul i mbun dualgais riaracháin acadúla agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe Roinn na Gaeilge agus obair Dhámh na nEalaíon, freastal ar agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe de chuid Roinn na Gaeilge, Dhámh na nEalaíon agus grúpaí eile de chuid an Choláiste;
7. Freastal ar gach cruinniú den Bhord Scrúdaithe agus páirt a ghlacadh iontu;
8. Páirt a ghlacadh i dtionscadail agus i gcoistí ábhartha.
9. Maoirseacht agus meantóireacht a dhéanamh ar mic léinn ag leibhéil fochéime agus iarchéime.

Áireoidh na dualgais freisin oibriú ar chláir fochéime an Choláiste de réir mar is gá chomh maith le cláir iarchéime, lena n-áirítear Dioplóma, Máistreacht agus leibhéil Ph.D. Ina theannta sin, beidh ar an duine a cheapfar páirt a ghlacadh i cibé cláir a chinnfidh an Coláiste i gcomhar leis an Ollscoil.

Níl an liosta de na dualgais agus na freagrachtaí uileghabhálach. Ní gá go mbeadh comhlíonadh an réimse iomlán dualgas teoranta d'aon duine aonair amháin, mar éilíonn an obair go bhfeidhmeoidh an fhoireann ar bhealach solúbtha, agus go n-oibreoidh siad le chéile mar fhoireann. Coinníonn an Coláiste an ceart dualgais nua a leagan agus/nó baill foirne a athleagan chuig réimsí eile den Choláiste, mar fhreagra ar riachtanais seirbhíse.

4. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

Ginearálta

Síneoidh gach duine a fhostaítear conradh cuí, ina mbeidh téarmaí agus coinníollacha na fostaíochta.

Áit Oibre

Is é Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach príomhionad oibre an té a cheapfar, agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le cláir a sheachadadh ar champas Dhurlais ó am go chéile. Forchoimeádann an Coláiste an ceart chun a cheangal ar an té a cheapfar oibriú ó aon áit eile.

Is riachtanas de chuid an Choláiste é go gcaithfidh an té a cheapfar cónaí laistigh d'achar réasúnta ón gColáiste.

Seirbhís Eisiach agus Obair Sheachtrach

Beidh ar an duine a cheapfar a c(h)uid airde agus cumais lánaimseartha a dhíriú ar a c(h)uid dualgas le linn a (h)uaireanta oibre sa Choláiste agus gníomhú ar mhaithe le leas an Choláiste i gcónaí. Mar sin de, fad a bheidh an t-iarrthóir rathúil ag obair sa Choláiste, ní fhéadfaidh sé/sí, gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón gColáiste, a bheith gníomhach nó bainteach in aon slí, go díreach nó go hindíreach, in aon ghnó nó gnóthas eile a bhfuil nó gur dó go mbeadh sé sin ag teacht salach ar leasanna an Choláiste nó ar chomhlíonadh na ndualgas ar fostaíodh an duine chuige.

Seachas léachtaí a thabhairt ó am go chéile in áiteanna eile, leabhair agus ábhair liteartha ócáideacha a scríobh, ní dhéanfaidh an té a cheapfar, le linn a thréimhse oifige, obair sheachtrach íoctha mura bhfuil cead faighte aige ón Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla (VPAA) obair den sórt sin a dhéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha mar a comhaontaíodh don ghnóthas áirithe atá i gceist. I ngach cás, tá sé de dhualgas ar an té a cheapfar cead a fháil roimh ré ón VPAA i scríbhinn. Tá sé de dhualgas freisin, i ngach cás, ar an té a cheapfar a chur in iúl don duine nó don chomhlacht dá bhfuil an obair á déanamh, go bhfuil an obair á déanamh i gcáil phríobháideach agus nach féidir leis an gColáiste a bheith freagrach in imthosca ar bith as an obair sin.

Tréimhse Phromhaidh

Tá an ceapachán faoi réir ag an tréimhse phromhaidh 6 mhí chaighdeánach a chur i gcrích go sásúil. Féadfar an tréimhse phromhaidh a fhadú de rogha an Choláiste ach ní rachaidh sé thar 11 mhí ar aon nós. Cuirfidh neamhláithreachtaí le linn na tréimhse promhaidh síneadh leis an tréimhse phromhaidh. Déanfar athbhreithniú ar fheidhmíocht agus iompar le linn na tréimhse promhaidh trí phróiseas cruinnithe measúnaithe. Is faoi rogha an Choláiste a bheidh deireadh fostaíochta le linn na tréimhse promhaidh, ar chúis ar bith nó gan chúis ar bith. Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta smachta maidir le dífhostú le linn promhaidh i gcás fostaithe atá ar promhadh agus atá fostaithe ag CMgS ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí.

Uaireanta Oibre

Is í an ghnáth-sheachtain oibre ná 39 uair sa tseachtain nó 7.8 uair sa lá, Luan go hAoine. Táthar ag súil go mbeidh an té a cheapfar i láthair de ghnáth agus ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn araon le linn

gnáthuaireanta an Choláiste, Luan go hAoine. D'fhéadfadh go mbeadh ar an té a cheapfar a bheith ag obair ó am go chéile tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine.

Ceanglaítear ar bhaill foirne acadúla seoladh ríomhphoist MIC a sholáthar do mhic léinn inar féidir teagmháil a dhéanamh leo. Ní mór dóibh freisin uimhir theileafóin a sholáthar d'Údaráis an Choláiste inar féidir teagmháil a dhéanamh leis/léi le linn amanna nach seimeastar iad. Ní thabharfaidh Údaráis an Choláiste uimhreacha teagmhála do mhic léinn in imthosca ar bith.

Tuarastal

Tá an scála tuarastail an phoist seo faofa ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an tÚdarás um Ard-Oideachas de réir Bheartais an Rialtais maidir le luach saothair san Earnáil Phoiblí. Déanfar an ceapachán ar an scála tuarastail ag pointe atá ag teacht le Beartas Pá reatha an Rialtais. Ag teacht le gach brainse eile den Státseirbhís agus den tSeirbhís Phoiblí, ní cheadaítear margáil aonair le haghaidh méaduithe tuarastail. Ar phointe iontrála ar an scála tuarastail a thosóidh iontrálaithe nua sa Státseirbhís nó san Earnáil Phoiblí mar atá sainithe i gCiorclán 18/2010.

Le héifeacht ón [1] de Feabhra 2026, is é an scála tuarastail bliantúil don Léachtóir ná:

€64,581, €76,055, €80,125, €82,925, €87,017, €91,154, €95,270, €99,386, €103,501 (9 bpointe).

Bronntar incrimintí de réir comhaontuithe pá náisiúnta.

Íocfar an tuarastal ar bhonn míosúil ar an 25ú lá de gach mí, nó ar an Aoine roimhe sin más ag an deireadh seachtaine a thiteann an 25ú lá, leis an tsaoráid Paypath. Tá íocaíocht tuarastail agus pá faoi réir asbhaintí reachtúla: Cáin Ioncaim (ÍMAT), Ranníocaíochtaí Aoisliúntais, ÁSPC agus MSU.

Aoisliúntas

Ceanglófar ar iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí páirt a ghlacadh i Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair agus ranníocaíochtaí Aoisliúntais a íoc ag na rátaí cuí de réir fhorálacha an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Cuimsítear gach duine incháilithe eile le Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais go huathoibríoch ar a gceapachán. I gcomhréir le Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais, déantar asbhaintí dar luach 6.5% a bhaint den tuarastal.

Beidh ar an té a cheapfar Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) a íoc faoi fhorálacha an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017.

Ní bheidh aon aois scoir éigeantach ag ceapaithe a thosaigh ag obair sa tseirbhís phoiblí idir an 1 Aibreán 2004 agus an 31 Nollaig 2012 agus nach raibh sos fostaíochta níos faide ná 6 mhí acu. Is é 70 bliain d'aois an aois scoir éigeantach a bheidh ag gach duine eile a cheapfar.

Laghdú Pinsin

Má bhí an té a cheapfar fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go n-íoctar pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí le linn a n-athfhostaithe beidh an pinsean sin faoi réir lacáiste de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012.
Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo, tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha lacáiste, nuair is cuí. Níl sé beartaithe go dtacóidh an Coláiste le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe maidir le ceapacháin chuig an bpost seo.

Saoire bhliantúil

Chomh maith le Laethanta Saoire Poiblí, ceadófar ar a laghad 20 lá oibre in aghaidh na bliana. Ba cheart

saoire bhliantúil a ghlacadh nuair nach mbíonn mic léinn i láthair ar an gcampas, agus is gá don Bhainisteoir Líne ábhartha an tsaoire a fhaomhadh roimh ré.

Ceadaítear Laethanta Saoire Poiblí de réir fhorálacha an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997.

Saoire bhreoiteachta

Féadfar pá breoiteachta a cheadú d'fhostaithe a bhfuil fostaíocht leanúnach 3 mhí ar a laghad sa Choláiste acu faoi réir théarmaí Scéim Pá Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí. Bíonn pá breoiteachta ag brath ar chomhoibriú iomlán agus ar chomhlíonadh iomlán nósanna imeachta an Choláiste chun asláithreacht a bhainistiú.

Foirceannadh Fostaíochta

Féadfar éirí as an bpost seo ach **fógra trí mhí féilire** ar a laghad a thabhairt i scríbhinn.

Ar fhoirceannadh na fostaíochta agus roimh dóibh an Choláiste a fhágáil, ní mór do bhaill foirne a thabhairt ar ais don Choláiste gach leabhar, tuarascáil, meabhrán, comhfhreagras, páipéar, taifead, tuairisc, comhad lena n-áirítear sonraí i gcomhaid leictreonacha, diosca ríomhaire, diosca atá taifeadta go leictreonach, agus gach cáipéisíocht eile, agus gach maoin eile, lena n-áirítear eochracha oifigí, ar leis an gColáiste iad nó a bhaineann lena ghnó nó lena ghnóthaí atá i seilbh baill foirne nó faoina c(h)úram nuair a dhéantar an fhostaíocht a fhoirceannadh.

Rúndacht

Le linn dó/di a bheith ag obair i gColáiste Mhuire gan Smál, d'fhéadfaí go mbeadh rochtain ag an té a cheapfar ar fhaisnéis, nó d'fhéadfaí go gcloisfeadh siad faisnéis, maidir le baill foirne agus/nó mic léinn agus/nó feidhmiú agus gnó an Choláiste. Meastar gur faisnéis rúnda atá i bhfaisnéis den sórt sin, lena n-áirítear aon ghné de fhreagrachtaí nó d'fheidhmíochtaí an Choláiste, arna fáil le linn na fostaíochta sa Choláiste. Ní féidir faisnéis a bhaineann le mic léinn, baill foirne nó gnó ar bith eile den Choláiste a nochtadh ná a phlé in imthosca ar bith ach amháin i bhfeidhmiú na ngnáthdhualgas agus ní chuirfear an fhaisnéis sin in iúl do thríú páirtithe mura bhfuil údarás ann é sin a dhéanamh. Ina theannta sin, ní fhéadfar taifid a fhágáil sa chaoi is go bhféadfadh daoine neamhúdaraithe iad a rochtain agus is gá taifid a choimeád go slán sábháilte nuair nach mbíonn siad ag teastáil a thuilleadh.

Sláinte agus Sábháilteacht

Déanfaidh Coláiste Mhuire gan Smál timpeallacht oibre atá slán agus sábháilte a áirithiú, a mhéid is féidir sin le réasún. Tá sé de dhualgas ar gach fostaí cúram réasúnta a ghlacadh a s(h)láinte agus a s(h)ábháilteacht féin, agus sláinte agus sábháilteacht daoine eile, san ionad oibre a chosaint. Ní mór do gach fostaí cloí le gach polasaí agus nós imeachta sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm i gColáiste Mhuire gan Smál agus eolas a chur air/uirthi féin ar an Ráiteas Sábháilteachta.

Ní mór d'fhostaithe an Trealamh Cosanta Pearsanta arna thabhairt dóibh a chaitheamh, agus ní chuirfidh duine ar bith isteach ar aon fhearas, éadaí cosanta nó trealamh eile arna gcur ar fáil san ionad oibre chun críocha sláinte agus sábháilteachta, ná ní bhainfidh siad mí-úsáid astu, d'aon turas ná go meargánta. Ceanglaítear go reachtúil/dlíthiúil ar fhostaithe a áirithiú go ndéantar aon timpiste/tarlúint a thuairisciú go pras don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ar Fhoirm Tuairiscithe CMgS ar Thimpiste/ar Tharlúint.

Beartais, Rialacha agus Rialacháin an Choláiste

Fostóir earnála poiblí is ea an Coláiste agus tá sé faoi cheangal ag Comhaontuithe Náisiúnta. Tá sé faoi cheangal freisin ag rialacháin, ciorcláin agus treoracha a eisíonn an Roinn Airgeadais, an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an tÚdarás um Ard-Oideachas thar ceann an Rialtais.

Bíonn fostaithe faoi réir i gcónaí fhorálacha an Chóid Iompair d'Fhoireann, chomh maith le beartais, rialacha agus rialacháin an Choláiste. Áirítear leis na beartais sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, Beartais Smachta agus Casaoide, Dínit ag an Ionad Oibre, Rialacha agus Rialacháin Scrúdaithe, an Beartas maidir le hÚsáid Fhreagrach Ríomhairí agus Úsáid Acmhainní Teicneolaíochta Faisnéise. Ní mór do gach fostaí eolas a chur ar a bhfuil sna Beartais agus Nósanna Imeachta, a bhfuil fáil orthu ar Thairseach Foirne an Choláiste.

5. AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN

Modh Roghnúcháin don cheapachán

Gearrliostú

Tiocfaidh sainghrúpa le chéile chun gearrliostú a dhéanamh de na hiarrthóirí bunaithe ar critéir réamhdhearbhaithe.

Is iad seo a leanas na critéir a úsáidfear chun iarrthóirí a ghearrliostú don cheapachán seo:

- Cáilíocht iarchéime ábhartha ag leibhéal dochtúireachta nó fianaise ar dhul chun cinn i dtreo PhD a bhaint amach i réimse ábhartha. Ní mór d'iarrthóirí nach bhfuil cáilíocht iarchéime ábhartha acu ag leibhéal dochtúireachta cáilíocht ábhartha a bheith acu ag leibhéal máistreachta;
- Ísomhéid de cheithre bliana taithí ábhartha, agus **dhá** bhliain sin ar a laghad i mbun teagaisc ag an tríú leibhéal;
- Fianaise ar an gcumas taighde a dhéanamh, a chur i gcrích agus a fhoilsiú;
- Cumas den scoth sa Ghaeilge scríofa agus labhartha;
- Fianaise ar thiomantas láidir do bharr feabhais sa teagasc, sa taighde agus i ngníomhaíochtaí leanúnacha léannta.

Is mó an líon iarratas a fhaightear ar phost ná an líon iarratas is gá chun an folúntas a líonadh go hiondúil. In ainneoin go bhféadfadh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, dá mbeadh an líon sin iarratas ar an bpost ann nach bhféadfaí go praiticiúil gach aon iarrthóir a chur faoi agallamh, d'fhéadfadh an Coláiste a chinneadh nach gcuirfí faoi agallamh ach líon áirithe iarrthóirí. Ní hionann é sin agus a rá nach bhfuil na hiarrthóirí eile oiriúnach don phost. Is é atá ann ná go bhfuil iarrthóirí áirithe ann agus dealraíonn sé, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu. Mar sin, is den riachtanas é go gcinnteoidh gach aon iarrthóir go gcuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha go léir san iarratas agus go léireoidh siad go soiléir conas mar a chomhlíonann siad na critéir atá sainithe don phost.

Agallamh

Déanfaidh Bord Agallaimh moladh maidir le ceapachán. Beidh an ceapachán bunaithe ar an moladh sin, ach amháin nuair is gá imeacht de bharr cúrsaí sláinte nó taifead mí-oiriúnach i bhfostaíocht roimhe seo. Bunófar painéal óna líonfar ceapacháin don phost mar **Ollamh Cúnta sa Ghaeilge** le linn shaolré an phainéil (12 mí).

Scagadh Sláinte Réamhfhostaíochta

D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí rathúla, roimh a gceapachán, dul faoi scagthástáil sláinte réamhfhostaíochta chun na riachtanais maidir le sláinte a chomhlíonadh.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Féadfar a cheangal ar iarrthóirí rathúla dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Cuirfear treoracha soiléire ar an bpróiseas sin ar fáil in am is i dtráth. Cuirfear as an áireamh don cheapachán iarrthóirí nach gcloíonn le riachtanais an Choláiste ina leith sin. Maidir le hiarrthóirí a raibh cónaí orthu lasmuigh d'Éirinn ar feadh tréimhse charnach 36 mhí nó níos mó agus iad 18 mbliana d'aois nó níos mó, ní mór dóibh Deimhniú Imréitigh a sholáthar ó na póilíní sa tír nó sna tíortha a raibh cónaí orthu. Tabhair faoi deara gur faoin iarrthóir atá sé aon chostas a bhaineann leis an bpróiseas sin a íoc.

Iarrthóirí lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)

Cuireann Coláiste Mhuire gan Smál fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí lasmuigh de LEE, ach ba cheart do na

hiarrthóirí sin eolas a chur ar bheartas ábhartha an Rialtais sula ndéanann siad iarratas. Tá tuilleadh faisnéise ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar fáil anseo: Economic migration policy - DETE (enterprise.gov.ie)

Iarratais a Dhéanamh

Ní mór iarratais a chur isteach ar fhoirm iarratais oifigiúil i bhformáid chlóscríofa. Ní ghlacfar le hiarratais atá lámhscríofa nó neamhiomlán. Is féidir foirmeacha iarratais don phost seo a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Choláiste Mhuire gan Smál. www.mic.ul.ie/about-mic/vacancies. Ní mór iarratais a chur isteach trí ríomhphost chuig recruitment@mic.ul.ie leis an teideal ábhair **Ollamh Cúnta sa Ghaeilge** tráth nach déanaí ná:

2in, Dé Céadaoin, 29 Aibreán 2026

Ní féidir glacadh le hiarratais dhéanacha.
Seolfar admháil ar d'iarratas laistigh de 2 lá oibre tar éis duit d'iarratas a chur isteach. Déan cinnte féachaint sa Turscar agus sa Dramhphost mar d'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfaí an admháil a sheoladh ann bunaithe ar shainroghanna do chuntais ríomhphoist. Mura bhfaigheann tú admháil laistigh de 2 lá oibre tar éis duit d'iarratas a chur isteach, déan teagmháil le do thoil leis an Oifig AD trí ríomhphost a sheoladh chuig hr@mic.ul.ie.

Ní bheidh an Coláiste freagrach as aon chostais, costais taistil san áireamh, arna dtabhú ag iarrthóirí i dtaca lena n-iarratas.
Dícháileofar iarrthóirí de bharr canbhasála. Dícháileofar ón gcomórtas aon iarracht a dhéanfaidh iarrthóir go pearsanta nó trí dhuine ar bith eile, thar a c(h)eann, le canbhasáil a dhéanamh nó tionchar a imirt ar thoradh an phróisis roghnóireachta/agallaimh ina f(h)abhar. Ní thabharfar aird ar aon uiríll a dhéantar thar ceann iarrthóra, i ngan fhios dó/di.
Is fostóir comhdheiseanna é Coláiste Mhuire gan Smál. Bronnadh dámhachtain chré-umha Athena SWAN ar Choláiste Mhuire gan Smál mar aitheantas ar ár dtiomantas do chur chun cinn an chomhionannais agus na cothromaíochta deiseanna do chách san ardoideachas.

Márta 2026